



Cleachtas Aisiríoch mar chuid de Thacaíocht Leanúnach 2026/2027

A Phríomhoide, a chara,

Tá áthas ar *Oide* cuireadh a thabhairt do do scoil Léiriú Spéise a chur isteach le haghaidh Cleachtas Aisiríoch mar chuid de Thacaíocht Leanúnach 2026/2027.

Tugtar do scoileanna, le Cleachtas Aisiríoch, cuir chuige phraiticiúla chun caidrimh dhearfacha a chothú, cultúr na scoile a neartú, tacú le folláine na ndaltaí, agus chun freagra éifeachtach a thabhairt d'aighneas agus d'iompraíocht dhúshlánach. Ceapadh an oiliúint sin mar chuid den tacaíocht leanúnach ar mhaithe le ceannairí scoile, múinteoirí, agus foireann chun gur féidir leo cuir chuige aisiríocha a chothaíonn timpeallacht foghlama atá measúil, ionchuimsitheach, tacúil a thabhairt isteach.

Chun bheith rannpháirteach sa Chleachtas Aisiríoch mar chuid de Thacaíocht Leanúnach, teastaíonn gealltanais a bheith i láthair le haghaidh a ceithre nó a cúig de sheisiúin dhá uair aghaidh ar aghaidh i gcaitheamh na scoilbhliana a chuimseoidh suas le ocht mball foirne déag, i dteannta le deiseanna chun bhuir machnamh a dhéanamh ar chleachtais aisiríoch agus iad a chur i bhfeidhm i do shuíomh scoile idir sheisiúin. Táthar ag súil go dtacaíonn an cur chuige leanúnach sin le cur i bhfeidhm fóinteach agus le tionchar buan. Má tá suim ag do scoile ann, iarrtar ort an fhoirm le haghaidh Léiriú Spéise a líonadh leis an nasc thíos:

Nasc: Foirm le haghaidh Léiriú Spéise

An fhaisnéis a bhaileofar leis an bhfoirm sin, cabhróidh sé linn an méid suime a mheas agus pleanáil le haghaidh deiseanna amach anseo chun freastal ar riachtanais scoileanna. Más mian linn a bheith curtha san áireamh le haghaidh Cleachtas Aisiríoch mar chuid de Thacaíocht Leanúnach, bheimis buíoch díot dá bhféadfá an fhoirm a líonadh faoi [9ú Deireadh Fómhair 2026](#).

Rachaidh ball den Fhoireann Bunscoile Oide um Fholláine i dteagmháil leis na scoileanna atá roghnaithe sna seachtainí romhainn. Go raibh maith agat as do shuim sa Chleachtas Aisiríoch agus as do thiomantas do phobail scoile atá dearfach, measúil, agus ionchuimsitheach a chothú. Is féidir teacht ar a thuilleadh sonraí agus acmhainní ar ár [suíomh gréasáin](#).

Le dea-mhéin,

Foireann Bunscoile Oide um Fholláine